2025/2032

23.10.2025

CINNEADH (CBES) 2025/2032 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Deireadh Fómhair 2025

lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/512/CBES [1].

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.

(3) Sna conclúidí uaithi an 19 Nollaig 2024, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach an géarcháineadh a rinne sí ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ar sárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe, agus d'athdhearbhaigh sí tiomantas daingean an Aontais tacaíocht leanúnach pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a thabhairt don Úcráin agus dá muintir.

(4) Fad a leanfaidh gníomhaíochtaí neamhdhleathacha Chónaidhm na Rúise de rialacha bunúsacha an dlí idirnáisiúnta a shárú, lena n-áirítear, go háirithe, an toirmeasc ar úsáid fornirt a chumhdaítear in Airteagal 2(4) de Chairt na Náisiún Aontaithe, nó rialacha an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta a shárú, is iomchuí na bearta uile arna bhforchur ag an Aontas a choinneáil i bhfeidhm, agus bearta breise a dhéanamh, más gá sin.

(5) I bhfianaise an fhogha leanúnaigh atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin, agus go háirithe a feachtas míleata brúidiúil a bhí ann le déanaí a dhírigh d'aon ghnó ar bhonneagar sibhialtach, lena n-áirítear saoráidí fuinnimh, uisce agus sláinte, arbh é ba chúis le fulaingt thromchúiseach don phobal sibhialtach agus a d'fhéach leis an mbonn a bhaint d'athléimneacht na hÚcráine, measann an Chomhairle gur gá bearta sriantacha breise a ghlacadh.

(6) Go háirithe, ba cheart 45 eintiteas a chur le liosta na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, is é sin liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a thacaíonn le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise ina cogadh foghach ar an Úcráin, ar a bhforchuirtear srianta onnmhairiúcháin níos déine maidir le hearraí agus teicneolaíocht dé-úsáide, chomh maith le hearraí agus teicneolaíocht a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú teicneolaíoch earnáil cosanta agus slándála na Rúise. I measc na n-eintiteas atá liostaithe áirítear eintitis áirithe i dtríú tíortha seachas an Rúis a rannchuidíonn go hindíreach le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise, rud a fhágann gur féidir teacht timpeall ar shrianta ar onnmhairiú, lena n-áirítear srianta ar mheaisín-uirlisí ríomhrialaithe uimhriúla, micrileictreonaic, aerárthaí gan foireann agus ítimí dé-úsáide agus ardteicneolaíochta eile.

(7) Is iomchuí liosta na n-ítimí a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála a leathnú trí ítimí a liostú a d'úsáid an Rúis ina cogadh foghach ar an Úcráin agus ítimí a rannchuidíonn le forbairt nó táirgeadh a córas míleata, lena n-áirítear comhpháirteanna leictreonacha, raonaimsitheoirí, ceimiceáin bhreise a úsáidtear chun tiomántáin a ullmhú, agus miotail, ocsaídí agus cóimhiotail bhreise a úsáidtear chun córais mhíleata a mhonarú.

(8) Is iomchuí freisin srianta breise a fhorchur ar onnmhairiú earraí a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhas a chur ar acmhainneachtaí tionsclaíocha na Rúise, mar shampla salainn agus mianta, earraí rubair, feadáin, boinn, clocha muilinn agus ábhair foirgníochta.

(9) Tá sé ábhartha maolú spriocdhírithe nua a thabhairt isteach ar an toirmeasc ar nithe áirithe a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, ar nithe iad lena ngintear ioncaim mhóra don Rúis agus atá riachtanach chun lampaí ultraivialait (UV) a úsáidtear chun uisce óil a dhíghalrú a oibriú, a chothabháil nó a dheisiú. Is iomchuí freisin leasú a dhéanamh ar an maolú ar an toirmeasc ar cheannach, allmhairiú nó aistriú earraí áirithe lena ngintear ioncam suntasach don Rúis agus a bhfuil gá leo chun gluaisteáin líne mheitreo 3 i mBúdaipeist a oibriú, a chothabháil nó a dheisiú.

[1] Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/512/oj).

(10) Chun ioncam na Rúise a laghdú a thuilleadh, tá sé ábhartha an toirmeasc ar ítimí áirithe a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, ar ítimí iad lena ngintear ioncam nach beag don Rúis, a leathnú chun gach hidreacarbón neamh-thimthriallach a chumhdach.

(11) Tá sé ábhartha liosta na dtíortha comhpháirtíochta a leathnú chun táirgí peitriliam a allmhairiú.

(12) Chun ioncam na Rúise ó onnmhairiú breoslaí iontaise a laghdú a thuilleadh, costais a gníomhaíochtaí neamhdhleathacha san Úcráin a ardú agus an brú is mó is féidir a chur ar an Rúis deireadh a chur lena cogadh foghach ar an Úcráin, is iomchuí toirmeasc a fhorchur ar ghás nádúrtha leachtaithe de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú isteach san Aontas, go díreach nó go hindíreach, mar aon le toirmeasc ar chúnamh teicniúil nó airgeadais gaolmhar a sholáthar.

(13) Is iomchuí ainmniúcháin bhreise soithí a thabhairt isteach, ceann amháin de na critéir ainmniúcháin a leasú agus forálacha gaolmhara maidir le seirbhísí toirmiscthe do shoithí ainmnithe a leasú. Maidir leis an toirmeasc ar oibreoirí an Aontais árachas agus athárachas a sholáthar do shoithí ainmnithe, tá ainmniú soithigh gan dochar d'íocaíocht íocaíochtaí amach ó árachóir ábhartha an tsoithigh le daoine agus eintitis a d'fhulaing damáiste a rinne an soitheach agus i ndáil le héilimh a d'eascair as teagmhais sular ainmníodh an soitheach.

(14) Is iomchuí díolúintí áirithe a bhaineann le fuinneamh a bhaint den toirmeasc ar idirbhearta i gcás dhá fhiontar shonracha faoi úinéireacht stáit.

(15) Is iomchuí an toirmeasc ar idirbhearta a leathnú ag a bhfuil feidhm maidir le daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá ag nascadh leis an gcóras chun teachtaireachtaí airgeadais ('SPFS') de chuid Bhanc Ceannais Chónaidhm na Rúise ('Banc Ceannais na Rúise') a aistriú nó seirbhísí teachtaireachtaí airgeadais speisialaithe coibhéiseacha arna mbunú ag Banc Ceannais na Rúise, le seirbhísí íocaíochta eile, mar shampla Córas Náisiúnta Cártaí Íocaíochta na Rúise ('Mir' as Rúisis) nó an Córas Mear-Íocaíochtaí ('SBP'), arna mbunú ag Banc Ceannais na Rúise nó ag eintitis Rúiseacha eile. Is iomchuí freisin díolúintí a chur isteach le haghaidh idirbhearta atá riachtanach d'fheidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát i dtríú tíortha agus le haghaidh idirbhearta arna ndéanamh ag náisiúnaigh de Bhallstát a bhfuil cónaí orthu i dtríú tír, le haghaidh idirbhearta atá riachtanach do chonarthaí atá ann cheana agus do ghlacadh íocaíochtaí, agus le haghaidh mhionlaigh eitneacha na mBallstát sa Rúis.

(16) Is iomchuí freisin an toirmeasc ar idirbhearta ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais tríú tír agus ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a leathnú chun eintitis a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta a áireamh freisin, agus go háirithe eintitis a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní agus seirbhísí íocaíochta d'eintitis liostaithe. Chun leathadh eintiteas nua a thagann i gcomharbas ar na heintitis liostaithe a chomhrac, leathnaítear an toirmeasc ar idirbhearta freisin chun eintitis choibhéiseacha a chumhdach má chomhlíontar critéir áirithe. Ina theannta sin, tá sé ábhartha 8 n-eintiteas nua a chur le hIarscríbhinn XIX a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES. Ar deireadh, is iomchuí freisin díolúintí a chur isteach le haghaidh idirbhearta atá riachtanach do chonarthaí atá ann cheana agus do ghlacadh íocaíochtaí.

(17) Tá sé ábhartha an toirmeasc ar idirbhearta a leathnú a thuilleadh maidir le haon chalafort agus aon loc i dtríú tíortha seachas an Rúis a úsáidtear le haghaidh aistriú aerárthaí gan foireann nó diúracán nó teicneolaíochta gaolmhaire, nó comhpháirteanna díobh, chuig an Rúis, nó le haghaidh soithí a bhfuil cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca ar bun acu chun teacht timpeall ar an gCaidhp Praghais Ola nó le haghaidh teacht timpeall ar bhearta sriantacha eile.

(18) Tá criosanna eacnamaíocha, nuálaíochta agus fabhracha speisialta ina ngné lárnach de straitéis forbartha eacnamaíche Chónaidhm na Rúise. Tá siad ceaptha chun infheistíocht dhíreach a mhealladh agus acmhainneacht thionsclaíoch, theicneolaíoch agus nuálach a chur chun cinn trí chórais chánach, chustaim agus rialála fhabhracha a sholáthar i ndáil le páirceanna tionsclaíocha, braislí teicneolaíochta, moil lóistíochta agus limistéir chalafoirt ar fud Chónaidhm na Rúise.

(19) Áirítear sna criosanna sin na Criosanna Eacnamaíocha Speisialta, na córais nuálaíochta agus córais fhabhracha an Chianoirthir agus an Artaigh, mar a shainmhínítear i ndlíthe na Rúise, mar shampla Dlí Feidearálach Uimh. 116-FZ an 22 Iúil 2005, Dlí Feidearálach Uimh. 244-FZ an 28 Meán Fómhair 2010, Dlí Feidearálach Uimh. 212-FZ an 13 Iúil 2015 agus Dlí Feidearálach Uimh. 193-FZ an 13 Iúil 2020. Tá Criosanna Eacnamaíocha Speisialta áirithe agus córais nuálaíochta áirithe lárnach d'acmhainneacht thionsclaíoch agus theicneolaíoch na Rúise, agus fiontair á n-óstáil acu atá i mbun earraí dé-úsáide, ardleictreonaic, róbataic, bogearraí, feithiclí, comhpháirteanna eitlíochta, córais aerárthaí gan foireann, agus earraí agus teicneolaíocht eile a chuireann le hiarracht chogaidh na Rúise a tháirgeadh nó a fhorbairt. Tacaíonn córais fhabhracha i gCeantar Cónaidhme an Chianoirthir agus i gCrios an Artaigh le lóistíocht mhuirí, longthógáil, na hearnálacha mianadóireachta agus peitriceimiceán agus bealaí onnmhairiúcháin fuinnimh atá lárnach d'atreorú eacnamaíoch na Rúise i dtreo na hÁise, chomh maith le teacht timpeall ar bhearta sriantacha.

(20) Chun na modhanna chun leanúint dá fogha faoin Úcráin a bhaint den Rúis a thuilleadh, is iomchuí toirmeasc a chur ar aon rannpháirtíocht nua in aon fhiontar atá bunaithe i gcriosanna eacnamaíocha, nuálaíochta nó fabhracha speisialta áirithe nó in aon fhiontar atá ag oibriú tríothu, ar chomhfhiontair a chruthú leo, agus ar mhaoiniú a sholáthar dóibh, chomh maith le toirmeasc a chur ar chonarthaí nua a dhéanamh leis na fiontair sin. Thairis sin, is iomchuí toirmeasc a chur ar choinneáil ar bun aon rannpháirtíochta in aon fhiontar atá bunaithe i gcriosanna eacnamaíocha, nuálaíochta nó fabhracha speisialta áirithe nó in aon fhiontar atá ag oibriú tríothu, nó ar choinneáil ar bun aon chomhfhiontar nó conarthaí leis na fiontair sin. Ar deireadh, soláthraítear díolúintí agus maoluithe iomchuí chun éifeachtaí neamh-inmhianaithe na dtoirmeasc sin a chosc.

(21) Is iomchuí srianta a fhorchur ar sholáthar seirbhísí cripteashócmhainní, ar sholáthar na seirbhísí íocaíochta dá dtagraítear I dTreoir (AE) 20152366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), agus ar eisiúint ríomh-airgid do náisiúnaigh den Rúis, do dhaoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Rúis, agus do dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis, i bhfianaise a thábhachtaí atá na seirbhísí sin d'fhorbairt earnálacha teicneolaíochta airgeadais agus ríomhthráchtála na Rúise agus i bhfianaise an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as seirbhísí cripteashócmhainní chun teacht timpeall ar bhearta sriantacha. Ní bhaineann na srianta sin le forghníomhú idirbheart íocaíochta dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2015/2366. Níor cheart a thuiscint leis na srianta le soláthar seirbhísí íocaíochta go bhforchuirtear oibleagáidí ar sholáthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta go gcinnfidís náisiúntacht, áit chónaithe nó áit bhunaithe úsáideoirí seirbhísí íocaíochta ar bhonn gach idirbhirt, ná ar fhaighteoirí idirbheart íocaíochta go ndéanfaidís scagadh smachtbhannaí ar idirbhearta aonair le cárta íocaíochta. Is ar an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas atá an phríomhfhreagracht as smachtbhannaí a chomhlíonadh i ndáil le hidirbhearta íocaíochta a fhorghníomhú. Tá na srianta ar sholáthar seirbhísí cripteashócmhainní ceangailteach freisin maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn faoin gcóras idirthréimhseach a leagtar amach in Airteagal 143(3) de Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(22) D'fhéadfadh riosca suntasach a bheith ag baint le húsáid cripteashócmhainní áirithe go dtiocfaí timpeall ar na toirmisc a leagtar síos i gCinneadh 2014/512/CBES, i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([4]), i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine ([5]), agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([6]), go háirithe toirmisc ar idirbhearta agus reo sócmhainní. Is gá, dá bhrí sin, bearta a dhéanamh chun cosc a chur ar úsáid na gcripteashócmhainní sin chun críoch a bhaineann an bonn de chuspóirí an Chinnidh seo, Chinneadh 2014/145/CBES agus Rialacháin (AE) Uimh. 269/2014 agus (AE) Uimh. 833/2014. Is beart riachtanach é toirmeasc ar idirbhearta a bhaineann leis na cripteashócmhainní sin chun an toradh sin a chosc, agus san am céanna tréimhse theoranta ama a fhágáil chun gur féidir na conarthaí atá ann cheana a fhoirceannadh go hordúil.

(23) Is iomchuí 5 institiúid creidmheasa nó airgeadais a chur le liosta na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir toirmeasc ar idirbhearta. Tá feidhm ag an toirmeasc ar idirbhearta maidir le hinstitiúidí creidmheasa nó airgeadais áirithe de chuid na Rúise nó maidir le heintitis eile a shuibscríobhann le seirbhísí teachtaireachtaí airgeadais nó maidir le fochuideachtaí Rúiseacha d'institiúidí creidmheasa nó airgeadais tríú tír, atá ábhartha maidir le córas airgeadais agus baincéireachta na Rúise, agus ar bainc réigiúnacha mhóra nó thábhachtacha iad, a éascaíonn, dá réir sin, airgeadas agus gnó réigiúnach agus cónaidhme, nó ar bainc iad a éascaíonn íocaíochtaí trasteorann móra agus, ar an gcaoi sin, a threisíonn geilleagar na Rúise agus a tionscal, ar bainc iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach na hÚcráine trí oibriú i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil, nó ar bainc iad atá faoi réir bearta sriantacha cheana féin arna bhforchur ag an Aontas nó ag tíortha comhpháirtíochta. I gcomhthráth leis sin, is iomchuí freisin na díolúintí is gá a chur isteach chun críoch daonnúil, chun táirgí cógaisíochta, leighis nó talmhaíochta agus bia a onnmhairiú, a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a iompar, chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, agus chun breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát a aithint nó a fhorfheidhmiú, chun gur féidir glacadh le híocaíochtaí atá dlite ó na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí atá faoi rialú Rialtas na Rúise de bhun conarthaí a rinneadh roimh an 15 Bealtaine 2022 agus chun údaruithe áirithe arna ndeonú de bhun Cinneadh 2014/145/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a chur chun feidhme, agus le haghaidh mhionlaigh eitneacha na mBallstát sa Rúis. Tá na díolúintí agus an maolú sin gan dochar don toirmeasc ar oibreoirí san Aontas seirbhísí teachtaireachtaí airgeadais a sholáthar do na heintitis a liostaítear in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an gCinneadh sin.

([2]) Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/2366/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj).

([4]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/145(1)/oj.

([5]) IO L 229, 31.7.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/833/oj.

([6]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/269/oj.

(24) Tá sé ábhartha srianta breise a fhorchur ar sholáthar seirbhísí do Rialtas na Rúise nó do dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis, ar seirbhísí iad a rannchuidíonn le feabhas a chur ar chumais theicneolaíocha na Rúise, eadhon seirbhísí spásbhunaithe tráchtála áirithe, seirbhísí intleachta saorga áirithe, agus seirbhísí ríomhaireachta ardfheidhmíochta agus ríomhaireachta candamaí a sholáthar. Thairis sin, tá sé ábhartha raon feidhme na srianta atá ann faoi láthair a leathnú ionas go gcumhdaítear ní hamháin tástáil agus anailís theicniúil, mar a aicmítear in aicme 8676 den Aicmiú Lárnach Táirgí iad, mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, ALT sealadach, 1991, é, ach freisin seirbhísí eile arb iad atá i ngrúpa 867 den Aicmiú Lárnach Táirgí. Áirítear go háirithe ar na seirbhísí sin, mar a aicmítear in aicme 8675 iad, na seirbhísí comhairliúcháin eolaíocha agus teicniúla a bhaineann le hinnealtóireacht seo a leanas: sirtheoireacht gheolaíoch, gheoifisiceach agus seirbhísí sirtheoireachta eolaíocha eile, suirbhéireacht fodhromchla, suirbhéireacht dromchla agus seirbhísí déanta léarscáileanna.

(25) Thairis sin, tá sé ábhartha srian a chur le soláthar seirbhísí a bhaineann go díreach le gníomhaíochtaí turasóireachta sa Rúis, go háirithe na seirbhísí sin a aicmítear in aicmí 7471 agus 7472 den Aicmiú Lárnach Táirgí iad, mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, ALT sealadach, 1991, é. Déantar an méid sin chun an t-ioncam a fhaigheann an Rúis ó na seirbhísí sin a laghdú agus chun cur chun cinn taistil neamhriachtanaigh agus gníomhaíochtaí fóillíochta chuig an Rúis a dhíspreagadh, go háirithe i gcomhthéacs ina bhfuil baol méadaithe ann go ndéanfar náisiúnaigh den Aontas a ghabháil go treallach agus a choinneáil go treallach, agus i gcomhthéacs ina bhfuil teorainn leis an gcosaint chonsalach le haghaidh daoine a bhfuil dénáisiúntacht acu.

(26) I bhfianaise an chogaidh fhoghaigh atá an Rúis fós a chur ar an Úcráin, ba cheart d'údarás inniúil measúnú *ex ante* a dhéanamh ar aon soláthar breise seirbhísí do Rialtas na Rúise, chun an riosca a mhaolú go gcuirfeadh seirbhís le hacmhainneacht mhíleata, theicneolaíoch nó thionsclaíoch na Rúise. Dá bhrí sin, is iomchuí ceanglas a thabhairt isteach maidir le réamhúdarú ón údarás inniúil i ndáil le haon seirbhís a sholáthraítear do Rialtas na Rúise nach bhfuil faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach i gCinneadh 2014/145/CFSP.

(27) Chun teorainn a chur le cumas stát na Rúise ioncam a fháil ó sheanaerárthaí agus seansoithí nach ndearnadh cothabháil mar is ceart orthu, tá sé ábhartha go dtoirmeascfar athárachas a sholáthar d'aerárthaí nó soithí athláimhe na Rúise ar feadh thréimhse 5 bliana tar éis na haerárthaí nó na soithí sin a dhíol nó tar éis léas a shocrú maidir leis na haeráthaí nó na soithí sin a rinneadh tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

(28) Is féidir le taidhleoirí agus oifigigh chonsalacha Rúiseacha, chomh maith le baill den fhoireann riaracháin agus theicniúil nó baill d'fhoireann seirbhíse mhisin taidhleoireachta nó phoist chonsalacha na Rúise, nó a mbaill teaghlaigh taisteal lasmuigh de chríocha an Stáit is faighteoir agus ar fud chríoch an Aontais, bunaithe ar a gceadanna cónaithe nó ar a víosaí arna n-eisiúint ag an Stát is faighteoir. Cuireann sé sin ar chumas na ndaoine sin taisteal chuig Ballstáit nach bhfuil siad creidiúnaithe iontu agus gníomhaíochtaí faisnéise naimhdeacha a dhéanamh a thacaíonn le fogha na Rúise faoin Úcráin. Áirítear go príomha leis na gníomhaíochtaí sin páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí rúnda, mar shampla spiaireacht agus bréagaisnéis a scaipeadh faoi chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin chun tuairimí an phobail a shaobhadh. Áirítear leis sin mífhaisnéis ar fhíorais stairiúla maidir le muintir na hÚcráine nó an Úcráin mar náisiún, údar dlíthiúil bréagach a thabhairt maidir le cé hé an t-ionsaitheoir i ndáiríre, agus a shéanadh go bhfuil fórsaí na Rúise ciontach as na sáruithe éagsúla ar an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta nó ar an Dlí Idirnáisiúnta um Chearta an Duine.

(29) Déanann baill d'fhoireann riaracháin agus theicniúil nó d'fhoireann seirbhíse mhisin taidhleoireachta nó phoist chonsalacha na Rúise na gníomhaíochtaí sin freisin, agus úsáidtear iad chun taisteal lasmuigh de chríoch an Stáit is faighteoir chun oibríochtaí faisnéise a dhéanamh chun fogha na Rúise a chosaint. I gcomhthéacs an laghdú atá ag teacht ar mhisin taidhleoireachta na Rúise, úsáidtear baill teaghlaigh fhásta, a bhfuil víosaí nó ceadanna cónaithe acu ar bhonn chreidiúnú a ngaolta, chun obair a dhéanamh sna hambasáidí agus na treoracha foluiteacha a thabhairt ar aghaidh i gcríocha Ballstát eile.

(30) Chun srian a chur leis na cleachtais sin, tá sé tábhachtach feasacht údaráis na mBallstát a áirithiú maidir le gluaiseacht taidhleoirí agus oifigeach consalach de chuid na Rúise, chomh maith le gluaiseachtaí bhaill na foirne riaracháin agus teicniúla nó bhaill foirne seirbhíse mhisin taidhleoireachta nó phoist chonsalacha na Rúise, nó a mball teaghlaigh, agus iad ag taisteal san Aontas lasmuigh de chríoch Stáit is faighteoir. Sa chiall sin, is iomchuí oibleagáid a chur ar na daoine aonair sin an taisteal chuig Ballstát seachas an Stát is faighteoir a chur ar an eolas roimh ré. Is iomchuí freisin, do na Ballstáit atá toilteanach déanamh amhlaidh, go mbeidh údarú de dhíth i gcás taisteal na ndaoine aonair sin chuig a gcríocha, bunaithe ar víosaí nó ar cheadanna cónaithe arna n-eisiúint ag Stát eile.

(31) Tá na bearta sin comhsheasmhach le cearta agus oibleagáidí na mBallstát faoi Choinbhinsiún Vín 1961 ar Chaidreamh Taidhleoireachta nó faoi Choinbhinsiún Vín 1963 ar Chaidreamh Consalachta. Ní chuireann na bearta teorainn ná srian leis na cearta atá ag baill foirne mhisin taidhleoireachta nó phoist chonsalacha na Rúise sna Ballstáit, faoin dá Choinbhinsiún sin. Go háirithe, tá na bearta gan dochar don cheart chun gluaiseacht gan bhac trí chríocha na mBallstát, do bhaill foirne mhisin taidhleoireachta nó phoist chonsalacha na Rúise agus iad ag dul i mbun oibre nó ag filleadh ar a bpost, nó ag filleadh ar a dtír féin. Tá na bearta gan dochar freisin don cheart chun saorghluaiseachta agus taistil laistigh de chríoch an Bhallstáit is faighteoir.

(32) Ar deireadh, is gá leasuithe teicniúla áirithe a dhéanamh, ina measc sin, leasú chun síneadh a chur leis na sprioc-amanna is infheidhme maidir le maoluithe áirithe is gá le haghaidh dífheistiú ón Rúis. Ba cheart d'oibreoirí a bheith ar an eolas gur tír í an Rúis nach gcuirtear an smacht reachta i bhfeidhm inti a thuilleadh, agus gur ghlac Cónaidhm na Rúise roinnt píosaí reachtaíochta lena ndírítear ar shócmhainní de chuid cuideachtaí ó 'tíortha míchairdiúla', mar a thugtar orthu, lena n-áirítear na Ballstáit. D'fhéadfadh sócmhainní de chuid an Aontais a bheith sáinnithe sa Rúis de dheasca na staide sin, agus gan a bheith in ann iad a tharraingt siar go hordúil. Moltar go láidir do ghnóthais de chuid an Aontas aon bheart is féidir a dhéanamh chun gnólachtaí sa Rúis a fhoirceannadh agus gan gnólachtaí nua a thionscnamh ansin. I bhfianaise an mhéid sin, cuirtear síneadh leis na maoluithe ar dhífheistiú chun go mbeidh gnóthais de chuid an Aontais in ann imeacht as margadh na Rúise a luaithe is féidir. Deonaíonn na Ballstáit na maoluithe sínithe ar bhonn cás ar chás agus is é is sprioc dóibh próiseas ordúil a chumasú ó thaobh dífheistiú de, rud nach bhféadfaí a dhéanamh gan síneadh a chur leis na sprioc-amanna sin.

(33) Tagann na bearta sin faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(34) Ní mór don Aontas tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun bearta áirithe a chur chun feidhme.

(35) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2014/512/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1aa mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) idirbhearta, lena n-áirítear díolacháin, a bhfuil géarghá leo chun comhfhiontar nó socrú dlíthiúil comhchosúil a tugadh i gcrích roimh an 16 Márta 2022 a fhoirceannadh, faoin 31 Nollaig 2026, a bhaineann le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1';

(b) i mír 3, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(i) gan dochar don toirmeasc in Airteagal 4o, idirbhearta le heintitis a liostaítear faoi iontráil 4 agus 6 i gCuid A d'Iarscríbhinn XIX a bhfuil gá leo chun amhola a thagann faoi chód AC 2709 00 agus táirgí peitriliam a thagann faoi chód AC 2710, ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairíodh ón Rúis, a thrádáil, bróicéireacht a dhéanamh ina leith, iad a iompar, lena n-áirítear trí aistrithe ó long go long, agus an cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó maoiniú nó cúnamh airgeadais a thabhairt di, ar choinníoll nach mó praghas ceannaigh na dtáirgí sin in aghaidh an bhairille ná an praghas a leagtar síos in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an gCinneadh seo, i gcomhréir le hAirteagal 4p(6), pointí (a) den Chinneadh seo.';

(c) i mír 3, cuirtear isteach na fomhíreanna seo a leanas i ndiaidh phointe (i):

'Níl feidhm ag na díolúintí i bpointí (a) agus (aa) den mhír seo maidir leis an eintiteas a liostaítear faoi iontráil 4 i gCuid A d'Iarscríbhinn X, cé is moite d'aistriú idirthurais táirgí ola nó táirgí peitriliam scagtha de thionscnamh tríú tír nach bhfuil ach á luchtú sa Rúis, ag imeacht ón Rúis nó á n-aistriú ar idirthuras tríd an Rúis, ar choinníoll nach de thionscnamh na Rúise na hearraí sin agus ar choinníoll nach Rúiseach úinéir na n-earraí sin.

Níl feidhm ag na díolúintí i bpointí (a), (aa) agus (b) den mhír seo maidir leis an eintiteas a liostaítear faoi iontráil 6 i gCuid A d'Iarscríbhinn X.';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3a:

'3a. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, idirbhearta a údarú a bhfuil géarghá leo chun go ndéanfaidh na heintitis dá dtagraítear i mír 1 nó a bhfochuideachtaí san Aontas dífheistiú nó aistarraingt, faoin 31 Nollaig 2026, ó dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas.';

(2) leasaítear Airteagal 1ad mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 go 4:

'1. Ón 25 Meitheamh 2024, beidh toirmeasc ar dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe san Aontas agus a oibríonn lasmuigh den Rúis nascadh le Córas Aistrithe Teachtaireachtaí Airgeadais (SPFS) Bhanc Ceannais na Rúise nó le seirbhísí speisialaithe coibhéiseacha teachtaireachtaí airgeadais agus íocaíochta arna mbunú ag Banc Ceannais na Rúise, agus, ón 25 Eanair 2026, le haon chóras de chuid Bhanc Ceannais na Rúise nó le córais arna soláthar ag aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht eile atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí na Rúise a chuimsíonn feidhmiúlacht teachtaireachtaí airgeadais, lena n-áirítear an Córas Mear-Íocaíochta (SBP) agus an córas íocaíochta Mir.

2. Toirmeascfar bheith ag gabháil d'idirbheart, go díreach nó go hindíreach, le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Rúis a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII.

Áireofar in Iarscríbhinn XVIII na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí atá bunaithe lasmuigh den Rúis a úsáideann SPFS Bhanc Ceannais na Rúise nó seirbhísí speisialaithe coibhéiseacha teachtaireachtaí airgeadais arna mbunú ag Banc Ceannais na Rúise nó Stát na Rúise, nó aon chóras de chuid Bhanc Ceannais na Rúise agus aon chóras arna sholáthar ag aon eintiteas Rúiseach eile a chuimsíonn feidhmiúlacht teachtaireachtaí airgeadais, lena n-áirítear an Córas Mear-Íocaíochta (SBP) agus Mir.

3. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 2 go dtí an 25 Aibreán 2026 maidir le forghníomhú conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 24 Deireadh Fómhair 2025 leis na daoine dlítheanacha a liostaítear in Iarscríbhinn XVIIILIV faoin 24 Deireadh Fómhair 2025, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú;

4. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 2 maidir le híocaíochtaí dlite arna bhfáil ó dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII faoin 24 Deireadh Fómhair 2025 de bhun conarthaí arna gcomhlíonadh roimh an 25 Aibreán 2026';

(b) cuirtear na pointí seo a leanas le mír 5:

'(g) go bhfuil siad riachtanach d'fheidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát i dtríú tíortha, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta i dtríú tíortha a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta;

(h) gurb iad náisiúnaigh de Bhallstát a bhfuil cónaí orthu i dtríú tíortha a dhéanann iad;

(i) go bhfuil gá leo le haghaidh chláir freagrachta stairiúla na mBallstát nó chun tacú le mionlaigh eitneacha na mBallstát sa Rúis.';

(3) leasaítear Airteagal 1ae mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Toirmeascfar gabháil go díreach nó go hindíreach d'aon idirbheart le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas a bhfuil an méid seo a leanas fíor ina leith:

(a) is institiúid creidmheasa nó airgeadais nó eintiteas é a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní nó íocaíochta a sholáthraíonn na seirbhísí sin do dhaoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a liostaítear sa Chinneadh seo agus i gCinneadh 2014/145/CBES, nó a chuireann bac suntasach ar chuspóir na dtoirmeasc sa Chinneadh seo agus i gCinneadh 2014/145/CBES, agus i Rialacháin (AE) Uimh. 833/2014 agus (AE) Uimh. 269/2014, mar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(b) is institiúid creidmheasa nó airgeadais é nó eintiteas a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní nó íocaíochta a thacaíonn le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear trí idirbhearta a phróiseáil nó maoiniú onnmhairiúcháin a sholáthar le haghaidh oibríochtaí trádála lena gcuirtear bac ar chuspóir an Chinnidh seo agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, mar a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(c) ní institiúid creidmheasa ná airgeadais ná eintiteas é a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní nó íocaíochta agus a chuireann bac suntasach ar chuspóir na dtoirmeasc a leagtar amach in Airteagail 4o, 4p agus 4x den Chinneadh seo, mar a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann leis an gCinneadh seo.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Beidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le:

(a) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintiteas dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c) de mhír 1;

(b) eintiteas a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní nó seirbhísí íocaíochta agus a oibríonn mar eintiteas scáthánach nó eintiteas comharba ar eintiteas dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c) de mhír 1.';

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'2a. Chun críocha mhír 2, pointe (b), is eintiteas é eintiteas scáthánach nó eintiteas comharba de chuid eintitis liostaithe i gcás ina gcomhlíontar dhá cheann ar a laghad de na critéir seo a leanas:

(a) ábhar, fothaí nó sreafaí idirbheart atá comhionann go substaintiúil;

(b) leanúnachas brandála, dearaidh nó comhéadain úsáideora;

(c) úinéireacht, rialú nó bainistíocht fhorluiteach;

(d) atreorú nó aistriú úsáideoirí ó eintiteas liostaithe;

(e) leanúnachas bonneagair theicniúil, lena n-áirítear úsáid an chódbhoinn chéanna, na bhfearann céanna nó na bhfeidhmchlár céanna.';

(d) i mír 3, cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

'(d) riachtanach chun forghníomhú a dhéanamh, go dtí an 25 Aibrean 2026, ar chonarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 24 Deireadh Fómhair 2025 leis na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn XIX faoi Chinneadh (AE) 2025/2032, nó ar na conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú;

(e) riachtanach chun go bhfaighfear íocaíochtaí dlite ó na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn XIX faoi Chinneadh (AE) 2025/2032 de bhun conarthaí a comhlíonadh roimh an 24 Deireadh Fómhair 2025]';

(4) in Airteagal 1af, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh de mhír 1:

'1. Toirmeascfar gabháil d'aon idirbheart, go díreach nó go hindíreach, le calafoirt agus loic a liostaítear i gCuid A agus Cuid C d'Iarscríbhinn XXI. Cuimseofar i gCuid A d'Iarscríbhinn XXI calafoirt agus loic sa Rúis agus cuimseofar i gCuid C d'Iarscríbhinn XXI calafoirt agus loic i dtríú tíortha seachas an Rúis a úsáidtear:';

(5) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

'Airteagal 1ai

1. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) aon rannpháirtíocht nua a fháil nó síneadh a chur le haon rannpháirtíocht atá ann cheana in úinéireacht nó i rialú aon duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá cláraithe mar chónaitheoir sna criosanna eacnamaíocha, nuálaíochta nó fabhracha speisialta de chuid Chónaidhm na Rúise a liostaítear i gCuid A nó Cuid B d'Iarscríbhinn XXV, nó a bhfuil a oifig chláraithe, a phríomháit ghnó, nó a bhuanbhunaíocht lonnaithe laistigh de na criosanna sin;

(b) aon chomhfhiontar, brainse nó oifig ionadaíoch nua a chruthú sna criosanna eacnamaíocha, nuálaíochta nó fabhracha speisialta a liostaítear i gCuid A nó Cuid B d'Iarscríbhinn XXV, nó le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) aon chonradh nó socrú nua a dhéanamh chun earraí nó seirbhísí a sholáthar, nó cearta maoine intleachtúla gaolmhara nó rúin trádála ghaolmhara a sholáthar do na criosanna eacnamaíocha, nuálaíochta nó fabhracha speisialta a liostaítear i gCuid A nó B d'Iarscríbhinn XXV, ó na criosanna sin nó lena n-úsáid sna criosanna sin, nó le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointe (a).

2. Toirmeascfar, ón 25 Eanair 2026 ar aghaidh, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) maidir le haon rannpháirtíocht atá ann cheana in úinéireacht nó i rialú aon duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá cláraithe go foirmiúil mar chónaitheoir sna criosanna eacnamaíocha, nuálaíochta nó fabhracha speisialta de chuid Chónaidhm na Rúise a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn XXV, nó a bhfuil a oifig chláraithe, a phríomháit ghnó, nó a bhuanbhunaíocht lonnaithe laistigh de na criosanna sin, an rannpháirtíocht sin a choinneáil ar bun;

(b) aon chomhfhiontar, brainse nó oifig ionadaíoch atá ann cheana a choinneáil ar bun sna criosanna eacnamaíocha, nuálaíochta nó fabhracha speisialta a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn XXV, nó le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) maidir le haon chonradh nó socrú atá ann cheana chun earraí nó seirbhísí a sholáthar, nó cearta maoine intleachtúla gaolmhara nó rúin trádála ghaolmhara a sholáthar do na criosanna eacnamaíocha, nuálaíochta nó fabhracha speisialta a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn XXV, ó na criosanna sin nó lena n-úsáid sna criosanna sin, nó le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointe (a), an conradh nó an socrú sin a choinneáil ar bun.

3. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) aon iasacht nó aon chreidmheas a dheonú nó maoiniú a sholáthar ar shlí eile, lena n-áirítear caipiteal cothromais, do dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1 nó i mír 2, nó chun na críche doiciméadaithe duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht mar sin a mhaoiniú, nó a bheith páirteach in aon socrú aon iasacht nó creidmheas mar sin a dheonú nó aon mhaoiniú mar sin a sholáthar;

(b) seirbhísí infheistíochta a sholáthar a bhaineann go díreach leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) nó i mír 1 nó mír 2.

4. Beidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1, 2 agus 3 freisin maidir le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht lasmuigh de na criosanna eacnamaíocha, nuálaíochta nó fabhracha speisialta a liostaítear in Iarscríbhinn XXV atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta dá dtagraítear i mír 1 nó mír 2.

5. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 go 4 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo le haghaidh éigeandálaí sláinte poiblí, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, ar teagmhas é ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach mór aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha;

(b) gníomhaíochtaí a bhfuil géarghá leo chun gás nádúrtha, tíotáiniam, alúmanam, copar, nicil, pallaidiam nó amhiarann a cheannach, a allmhairiú nó a iompar, go díreach nó go hindíreach, ón Rúis nó tríd an Rúis isteach san Aontas, i mBallstát den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, san Eilvéis, nó sna Balcáin Thiar;

(c) mura dtoirmisctear sin faoi Airteagal 4o nó Airteagal 4p den Chinneadh seo nó faoi Airteagal 3m nó Airteagal 3n de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, gníomhaíochtaí a bhfuil géarghá leo chun ola, lena n-áirítear táirgí peitriliam scagtha, a cheannach, a allmhairiú nó a iompar, go díreach nó go hindíreach, ón Rúis nó tríd an Rúis;

(d) gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo chun amhola mhuiriompartha agus táirgí peitriliam a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, i gcás inar de thionscnamh tríú tír na hearraí sin agus nach bhfuil siad ach á luchtú sa Rúis, ag imeacht ón Rúis nó á n-aistriú ar idirthuras tríd an Rúis, ar choinníoll nach de thionscnamh na Rúise na hearraí sin agus ar choinníoll nach Rúiseach úinéir na n-earraí sin.

6. Míreanna 1 agus 3 agus, i gcás inarb infheidhme ar shlí eile, mír 4, ní bheidh feidhm acu maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 25 Eanáir 2026 i gcás conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 24 Deireadh Fómhair 2025, nó i gcás conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

7. De mhaolú ar mhíreanna 1 go 4, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, gníomhaíochtaí a údarú a bhfuil géarghá leo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) críocha daonnúla, ar nós cúnamh a sheachadadh nó an seachadadh sin a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó oibrithe daonnúla a aistriú nó cúnamh gaolmhar, nó le haghaidh aslonnú;

(b) taighde ar tháirgí cógaisíochta, leighis, talmhaíochta agus bia, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin, agus forbairt nó monarú na dtáirgí sin, a gceadaítear a n-allmhairiú, a gceannach agus a n-iompar faoin gCinneadh seo agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014;

(c) rochtain a áirithiú ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát, agus chun aitheantas a thabhairt nó forfheidhmiú a dhéanamh maidir le breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát, i gcás ina bhfuil na hidirbhearta sin comhsheasmhach le cuspóirí an Chinnidh seo agus Chinneadh 2014/145/CBES, agus le cuspóirí Rialacháin (AE) Uimh. 833/2014 agus (AE) Uimh. 269/2014;

(d) dífheistiú agus aistarraingt ón Rúis nó foirceannadh gníomhaíochtaí gnó sa Rúis.

(e) soláthar seirbhísí cumarsáide leictreonaí a dhéanann oibreoirí teileachumarsáide de chuid an Aontais agus is gá le haghaidh oibriú, cothabhála agus slándála, lena n-áirítear cibearshlándáil, seirbhísí cumarsáide leictreonaí sa Rúis, san Úcráin, san Aontas, idir an Rúis agus an tAontas agus idir an Úcráin agus an tAontas, agus le haghaidh seirbhísí lárionaid sonraí san Aontas.';

(6) leasaítear Airteagal 1b mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Toirmeascfar na seirbhísí seo a leanas a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do náisiúnaigh den Rúis nó do dhaoine nádúrtha atá ina gcónaí sa Rúis, nó do dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis:

(a) seirbhísí cripteashócmhainní, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2023/1114;

(b) ionstraimí íocaíochta a eisiúint, idirbhearta íocaíochta a fháil, nó seirbhísí tionscanta íocaíochta, mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2015/2366;

(c) ríomh-airgead a eisiúint, mar a shainmhínítear i dTreoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

(*) Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstitiúidí ríomh-airgid, an gnó sin a shaothrú agus maoirseacht stuamachta a dhéanamh air, lena leasaítear Treoracha 2005/60/CE agus 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CÉ (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/110/oj).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2a:

'2a. Cuirfear toirmeasc ón 18 Eanáir 2024 ar chead a thabhairt do náisiúnaigh den Rúis nó do dhaoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Rúis aon phost i gcomhlachtaí rialachais duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit agus a sholáthraíonn seirbhísí tiachóige cripteashócmhainní, seirbhísí cuntais agus seirbhísí cumhdaigh, na poist sin a bheith faoina n-úinéireacht nó faoina rialú, go díreach nó go hindíreach, nó na poist sin a shealbhú.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh i mír 5:

‘5. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go nglacfar leis an taisce sin nó go soláthrófar seirbhís den sórt sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur fíor an méid seo a leanas maidir le glacadh leis an taisce sin nó leis an soláthar seirbhíse sin:’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta deiridh i mír 5:

‘Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 1, pointí (a), (b), (c), (e), (f) nó (g) laistigh de 2 sheachtain ón údarú.’;

(e) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘5a. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 2, pointí (b) agus (c), maidir le soláthar na ndintiúr slándála pearsantaithe is gá chun rochtain a fháil ar chuntas le hinstitiúid creidmheasa nó le hinstitiúid ríomh-airgid atá bunaithe i mBallstát nó i dtír chomhpháirtíochta mar a liostaítear in Iarscríbhinn VII.

5b. De mhaolú ar mhír 2, pointí (b) agus (c), féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar seirbhíse den chineál sin a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá déanamh amhlaidh go heisiach le haghaidh úsáid eisiach daoine dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú iomlán nó comhpháirteach duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó tíre comhpháirtíochta mar a liostaítear in Iarscríbhinn VII.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mhír seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.’;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh i mír 6:

‘6. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go nglacfar leis an taisce sin nó go soláthrófar seirbhís den sórt sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur fíor an méid seo a leanas maidir le glacadh leis an taisce sin nó leis an soláthar seirbhíse sin:’;

(7) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

‘*Airteagal 1ba*

Toirmeascfar gabháil, go díreach nó go hindíreach, d’aon idirbheart a bhaineann leis na cripteashócmhainní a liostaítear in Iarscríbhinn XXVI.’;

(8) in Airteagal 1e, cuirtear na pointí seo a leanas le mír 1a:

‘(c) idirbhearta a bhfuil gá leo chun táirgí cógaisíochta, leighis, talmhaíochta agus bia, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin, a onnmhairiú, a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a iompar chuig an Rúis, ar táirgí iad a cheadaítear a n-onnmhairiú, a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-iompar chuig an Rúis faoin gCinneadh seo agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014;

(d) idirbhearta a bhfuil géarghá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, agus chun aitheantas a thabhairt nó forfheidhmiú a dhéanamh maidir le breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát ar choinníoll go bhfuil na hidirbhearta sin comhsheasmhach le cuspóirí an Chinnidh seo agus Chinneadh 2014/145/CBES, agus le cuspóirí Rialacháin (AE) Uimh. 833/2014 agus (AE) Uimh. 269/2014;

(e) idirbhearta a bhfuil gá leo chun críoch daonnúil, ar nós cúnamh a sheachadadh nó an seachadadh sin a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó aistriú oibrithe daonnúla agus cúnamh gaolmhar a sheachadadh nó seachadadh an mhéid sin a éascú, nó le haghaidh aslonnú;

(f) idirbhearta a bhfuil gá leo chun glacadh le híocaíochtaí atá dlite ó na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i gCuid A d’Iarscríbhinn X de bhun conarthaí a comhlíonadh roimh an 15 Bealtaine 2022;

(g) idirbhearta a bhfuil gá leo chun údaruithe arna ndeonú ag údaráis inniúla Bhallstáit de bhun Airteagal 6b(5j) de Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a chur chun feidhme.

(h) idirbhearta a bhfuil gá leo le haghaidh chláir freagrachta stairiúla na mBallstát nó chun tacú le mionlaigh eitneacha na mBallstát sa Rúis';

(9) in Airteagal 1h(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo; nó';

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1k:

'*Airteagal 1k*

1. Cuirfear toirmeasc ar na seirbhísí seo a leanas a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do Rialtas na Rúise nó do dhaoine dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí atá bunaithe sa Rúis:

(a) seirbhísí comhairleacha dlí;

(b) cuntasaíocht, iniúchóireacht, lena n-áirítear iniúchóireacht reachtúil, leabharchoimeád, comhairliúchán cánach, agus comhairliúchán gnó agus bainistíochta, nó seirbhísí caidrimh phoiblí;

(c) seirbhísí tógála, ailtireachta, innealtóireachta, innealtóireachta comhtháite, pleanála uirbí, comhairliúchán eolaíoch agus teicniúil a bhaineann le hinnealtóireacht nó seirbhísí tástála teicniúla agus anailíse teicniúla;

(d) fógraíocht, taighde margaidh nó seirbhísí pobalbhreitheanna;

(e) seirbhísí comhairliúcháin TF;

(f) seirbhísí tráchtála spásbhunaithe arb é atá iontu faire na cruinne nó loingseoireacht satailíte;

(g) seirbhísí intleachta saorga arb é atá iontu rochtain ar shamhlacha nó ar ardáin chun iad a oiliúint, a mhionchoigeartú agus a thuiscint;

(h) ríomhaireacht ardfheidhmíochta, lena n-áirítear rochtain ar ríomhaireacht luathaithe an aonaid próiseála grafaí, nó ar sheirbhísí ríomhaireachta candamaí.

2. Toirmeascfar seirbhísí a sholáthar a bhaineann go díreach le gníomhaíochtaí turasóireachta sa Rúis.

3. Beidh toirmeasc ar bhogearraí le haghaidh bainistiú fiontar, bogearraí le haghaidh dearadh tionsclaíoch agus monarú tionsclaíoch, agus bogearraí a bhfuil úsáidí áirithe acu san earnáil baincéireachta agus airgeadais, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXXIX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, a dhíol, a sholáthar, a aistriú, a onnmhairiú nó a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do Rialtas na Rúise nó do dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis.

3a. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann leis na seirbhísí agus na bogearraí dá dtagraítear i mír 1 agus mír 3, a sholáthar go díreach nó go hindíreach do Rialtas na Rúise nó do dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na seirbhísí agus na bogearraí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do Rialtas na Rúise nó do dhaoine dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí atá bunaithe sa Rúis;

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na bogearraí dá dtagraítear i mír 3 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na mbogearraí sin, go díreach nó go hindíreach, do Rialtas na Rúise nó d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis.

4. Beidh gá le réamhúdarú chun aon seirbhís nach gcumhdaítear le mír 1 nó mír 2 a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do Rialtas na Rúise. Féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar na seirbhísí sin a údarú, bunaithe ar mheasúnú sonrach cás ar chás, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil sé sin comhsheasmhach le cuspóirí an Chinnidh sin agus Chinneadh 2014/145/CBES, agus le cuspóirí Rialacháin (AE) Uimh. 833/2014 agus (AE) Uimh. 269/2014.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 1, pointí (a) agus (b) maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil géarghá leo chun an ceart chun cosanta in imeachtaí breithiúnacha a fheidhmiú agus an ceart chun leigheas éifeachtach dlí a fháil.

6. Ní bheidh feidhm ag mír 1, pointí (a) agus (b) maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil géarghá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, ná maidir le haithint nó forfheidhmiú breithiúnais nó dámhachtana eadrána arna soláthar i mBallstát, ar choinníoll go bhfuil an soláthar seirbhísí sin comhsheasmhach le cuspóirí an Chinnidh seo agus Chinneadh 2014/145/CBES, agus le cuspóirí Rialacháin (AE) Uimh. 833/2014 agus (AE) Uimh. 269/2014.

8. Ní bheidh feidhm ag mír 1, pointí (c) agus (f), ná mír 3 maidir le díol, soláthar, aistriú, onnmhairiú nó soláthar seirbhísí nó bogearraí is gá le haghaidh éigeandálaí sláinte poiblí, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, ar teagmhas é ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.

8a. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le soláthar seirbhísí arna dhéanamh ag náisiúnaigh de Bhallstát ach a bhfuil cónaí orthu sa Rúis agus a bhí amhlaidh roimh an 24 Feabhra 2022, maidir leis na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (h) de mhír 10 arb iad a bhfostóirí iad, ar choinníoll go bhfuil na seirbhísí sin beartaithe lena n-úsáid go heisiach ag na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí sin.

8b. Beidh feidhm ag mír 1, pointí (f), (g) agus (h) ón 25 november 2025.

8c. Ní bheidh feidhm ag míreanna 2 agus 4, go dtí an 1 Eanáir 2026, maidir le forghníomhú conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 24 Deireadh Fómhair 2025, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun conradh den sórt sin a fhorghníomhú.

9a. De mhaolú ar mhír 1, pointí (a) agus (b), féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar na seirbhísí dá dtagraítear iontu a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá leis na seirbhísí sin chun beart balla dóiteáin a chur ar bun, a dheimhniú nó a mheas, ar balla dóiteáin é:

(a) lena gcuirtear deireadh le rialú duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014, ar shócmhainní duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta neamhliostaithe atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit atá faoi úinéireacht nó faoi rialú ag an gcéad cheann sin; agus

(b) áirithítear nach bhfabhróidh aon chiste ná acmhainn eacnamaíoch breise chun tairbhe an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta a liostaítear.

9b. De mhaolú ar mhír 1, pointí (g) agus (h), agus ar mhír 3, féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar na seirbhísí agus na mbogearraí dá dtagraítear iontu a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá leis na seirbhísí nó na bogearraí sin maidir le rannchuidiú náisiúnaigh na Rúise le tionscadail idirnáisiúnta foinse oscailte.

9c. De mhaolú ar mhír 1, pointí (a), (c) agus (e), féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar na seirbhísí dá dtagraítear iontu a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá leis na seirbhísí sin maidir le feidhmiú ionadaíochta consalaí nó taidhleoireachta de chuid Chónaidhm na Rúise atá lonnaithe i mBallstát.

9d. De mhaolú ar mhír 1, pointe (f), féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar na seirbhísí dá dtagraítear inti a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na seirbhísí sin maidir le comhar idir-rialtasach i gcláir spáis.

10. De mhaolú ar mhíreanna 1, 3 agus 3a, féadfaidh na húdaráis inniúla díol, soláthar, aistriú, onnmhairiú nó soláthar na seirbhísí agus na mbogearraí dá dtagraítear iontu a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis sin don mhéid seo a leanas:

(a) críocha daonnúla, ar nós cúnamh a sheachadadh nó an seachadadh sin a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó oibrithe daonnúla a aistriú nó cúnamh gaolmhar, nó le haghaidh aslonnaithe;

(b) gníomhaíochtaí na sochaí sibhialta a chuireann chun cinn go díreach an daonlathas, cearta an duine nó an smacht reachta sa Rúis;

(c) feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát nó tíortha is comhpháirtithe sa Rúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Rúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta;

(d) soláthar criticiúil fuinnimh laistigh den Aontas a áirithiú mar aon le ceannach, allmhairiú nó iompar tíotáiniam, alúmanaim, copair, nicile, pallaidiam nó amhiarainn isteach san Aontas;

(e) oibriú leanúnach bonneagair, crua-earraí nó bogearraí a áirithiú, ar nithe iad atá criticiúil le haghaidh shláinte agus shábháilteacht an duine, nó le haghaidh shábháilteacht an chomhshaoil;

(f) bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, mar aon le leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, chomh maith le soláthar ábhar réamhtheachtach chun raidiseatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó soláthar teicneolaíochta criticiúla chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht comhshaoil, agus le haghaidh an chomhair núicléach shibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;

(g) soláthar seirbhísí cumarsáide leictreonaí a dhéanann oibreoirí teileachumarsáide de chuid an Aontais agus is gá le haghaidh oibriú, cothabhála agus slándála, lena n-áirítear cibearshlándáil, seirbhísí cumarsáide sa Rúis, san Úcráin, san Aontas, idir an Rúis agus an tAontas agus idir an Úcráin agus an tAontas, agus le haghaidh seirbhísí lárionaid sonraí san Aontas;

(h) úsáid eisiach ag daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú iomlán nó comhpháirteach ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó faoi dhlí tíre comhpháirtíochta mar a liostaítear in Iarscríbhinn VIII.

10a. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 3 maidir le soláthar bogearraí lena ngabhann úsáidí áirithe san earnáil baincéireachta agus airgeadais mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXXIX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 is gá chun conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 20 Iúil 2025, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú, a fhorghníomhú go dtí an 30 Meán Fómhair 2025.

11. Maidir leis an mBallstát lena mbaineann, cuirfidh sé na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhíreanna 4, 9a, 9b, 9c, 9d, nó 10 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.';

(11) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

'*Airteagal 1q*

Toirmeascfar, le linn na 5 bliana tar éis soithí nó aerárthaí a dhíol nó aon chineál socrú ar léas ina leith, ar soithí nó aerárthaí iad a bhí á n-oibriú, go díreach nó go hindíreach, ag Rialtas na Rúise nó ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis, aon chonradh nó socrú a dhíol, a sholáthar, a fhrithghealladh nó a dhéanamh ar shlí eile as a n-eascraíonn aistriú rioscaí ó rioscaí a bhaineann le cumhdach árachais i gcás na soithí nó na n-aerárthaí sin nó géilleadh na neamhchosanta ar na rioscaí sin.';

(12) leasaítear Airteagal 4k mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3e:

'De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, féadfaidh na húdaráis inniúla ceannach, allmhairiú nó aistriú earraí a thagann faoi chóid AC 7007, 7019, 8424 10 00, 8479, 8481, 8483, 8487, 8504, 8516 29 50, 8517, 8525, 8531, 8536, 8537, 8538, 8539, 8542, 8543 agus 8603, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 iad, nó soláthar cúnaimh ghaolmhair theicniúil agus airgeadais a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá é sin a dhéanamh chun gluaisteáin líne mheitreo 3 i mBúdaipeist, arna seachadadh in 2018, a oibriú, a chothabháil nó a dheisiú, agus an ráthaíocht ré feidhme a thug *Metrowagonmash* roimh an 24 Meitheamh 2023 á forghníomhú.';

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'3bb. Maidir leis na hearraí a thagann faoi chód AC 2901 10 00, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 25 Eanáir 2026 i gcás conarthaí a thabharfar i gcrích roimh an 24 Deireadh Fómhair 2025, nó i gcás conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

3bc. Ón 25 Eanair 2026 go dtí an 26 Iúil 2026, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le ceannach nó allmhairiú na n-earraí a thagann faoi chód AC 2901 10 00 de thionscnamh na Rúise nó arna n-onnmhairiú ón Rúis chuig an Ungáir, ar choinníoll go mbeartaítear iad a úsáid go heisiach san Ungáir.

3bd. Na hearraí a thagann faoi chód AC 2901 10 00 agus a allmhairítear chuig an Ungáir tar éis na díolúine i mír 3bc, ní dhíolfar iad le ceannaitheoirí atá lonnaithe i mBallstát eile nó i dtríú tír.';

'3g De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, féadfaidh na húdaráis inniúla ceannach, allmhairiú nó aistriú earraí a thagann faoi chód AC 8539 49, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 iad, nó soláthar cúnaimh ghaolmhair theicniúil agus airgeadais a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá é sin a dhéanamh chun lampaí ultraivialait (UV) a úsáidtear chun uisce óil a dhíghalrú a oibriú, a chothabháil nó a dheisiú in éagmais soláthróir lampaí UV coibhéiseacha agus earraí gaolmhara lasmuigh den Rúis.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhíreanna 3ab, 3c, 3e agus 3g laistigh de 2 sheachtain ón údarú.';

(13) leasaítear Airteagal 4m mar a leanas:

(a) scriostar mír 3ag;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'3aj. I dtaca leis na hearraí a thagann faoi chóid áirithe AC, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 25 Eanáir 2026 i gcás conarthaí a thabharfar i gcrích roimh an 24 Deireadh Fómhair 2025, nó i gcás na gconarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

3ak. I dtaca leis na hearraí a thagann faoi chóid AC 6902 agus 6909 19, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 25 Aibreán 2026 i gcás conarthaí a thabharfar i gcrích roimh an 24 Deireadh Fómhair 2025, nó i gcás na gconarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4a, pointe (e):

'(e) earraí a thagann faoi chód AC 7615, cód AC 8414 60, cód AC 8422 30 agus cód AC 8423 10;';

(14) leasaítear Airteagal 4r mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

'1. De mhaolú ar Airteagail 3, 3a, 4, 4c, 4d, 4g, 4j agus 4m, féadfaidh na húdaráis inniúla díol, soláthar nó aistriú earraí agus teicneolaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinní II, VII, X, XI, XVI XVIII, XX agus XXIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, chomh maith le cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar aon bhealach eile chomh maith le cearta rochtana nó athúsáide a dheonú ar aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear le cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad, a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht a luaitear thuas a údarú go dtí an 31 Nollaig 2026, i gcás ina bhfuil géarghá leis an díol, soláthar, aistriú, ceadúnú, deonú cearta rochtana nó athúsáide sin le haghaidh an dífheistithe ón Rúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Rúis a fhoirceannadh, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1a:

'1a. De mhaolú ar Airteagail 3, 3a, 4 agus 4m, féadfaidh na húdaráis inniúla díol, soláthar nó aistriú earraí agus teicneolaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinní II, VII agus XXIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a údarú go dtí an 31 Nollaig 2026, i gcás ina bhfuil géarghá leis an díol, an soláthar, an t-aistriú nó an soláthar sin ar mhaithe leis an dífheistiú ó chomhfhiontar arna chorprú nó arna chomhdhéanamh faoi dhlí Ballstáit roimh an 24 Feabhra 2022, lena mbaineann duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht Rúiseach, agus a oibríonn bonneagar píblíne gáis idir an Rúis agus tríú tíortha, nó chun cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus na teicneolaíochtaí sin a bhfuil géarghá leo chun comhpháirteanna den bhonneagar píblíne sin agus den bhonneagar gaolmhar sin a oibriú, a chothabháil, a dheisiú nó a athsholáthar don dífheistiú thuasluaite.';

(c) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

'2. De mhaolú ar Airteagail 4i agus 4k, féadfaidh na húdaráis inniúla allmhairiú nó aistriú earraí a liostaítear in Iarscríbhinní XVII agus XXI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a údarú go dtí an 31 Nollaig 2026, i gcás ina bhfuil géarghá leis an allmhairiú nó leis an aistriú sin le haghaidh an dífheistithe ón Rúis, nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Rúis a fhoirceannadh ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:';

(d) i mír 2a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

'2a. De mhaolú ar Airteagal 1k, féadfaidh na húdaráis inniúla leanúint de sholáthar na seirbhísí a liostaítear ann go dtí an 31 Nollaig 2026 a údarú, i gcás ina bhfuil géarghá leis an soláthar seirbhísí sin le haghaidh an dífheistithe ón Rúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Rúis a fhoirceannadh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:';

(e) scriostar mír 2b;

(15) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

'*Airteagal 4wa*

1. Ón 25 Aibreán 2026 ar aghaidh, cuirfear toirmeasc ar ghás nádúrtha leachtaithe a thagann faoi chód AC 2711 11 00 a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Rúise é nó má onnmhairítear ón Rúis é.

2. Beidh feidhm ag mír 1 ón 1 Eanáir 2027 i gcás ina ndéanfar an ceannach, an t-allmhairiú nó an t-aistriú faoi chonradh chun gás nádúrtha leachtaithe a sholáthar, cé is moite de dhíorthach gáis nádúrtha, ar conradh é is mó ná 1 bhliain amháin a tugadh i gcrích roimh an 17 Meitheamh 2025 agus nár leasaíodh ina dhiaidh sin, mura bhfuil an leasú teoranta don mhéid seo a leanas:

(a) cainníochtaí conraithe a ísliú;

(b) praghsanna agus táillí a ísliú;

(c) clásail rúndachta a leasú;

(d) nósanna imeachta oibriúcháin, mar shampla nósanna imeachta cumarsáide, a leasú;

(e) athruithe ar sheoltaí na bpáirtithe conarthacha;

(f) aistrithe oibleagáidí conarthacha idir gnóthais chleamhnaithe;

(g) athruithe is gá de réir nósanna imeachta breithiúnacha nó eadrána nó,

(h) i gcás tíortha talamhiata, athruithe idir pointí seachadta náisiúnta.

3. Maidir le cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais nó aon seirbhís eile a bhaineann leis an toirmeasc i mír 1, cuirfear toirmeasc ar an méid sin a sholáthar go díreach nó go hindíreach.';

(16) leasaítear Airteagal 4x mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f)

'(f) maoiniú agus cúnamh airgeadais a sholáthar, lena n-áirítear árachas agus athárachas, chomh maith le seirbhísí bróicéireachta, lena n-áirítear bróicéireacht muiriompair;';

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) a iompraíonn táirgí amhola nó peitriliam a liostaítear in Iarscríbhinn XIII nó táirgí mianracha ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairítear ón Rúis agus a chleachtann cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta;';

(17) cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

'*Airteagal 5d*

1. Maidir le náisiúnaigh Rúiseacha, ar baill iad de phearsanra taidhleoireachta nó consalachta na Rúise, nó baill den fhoireann riaracháin agus theicniúil nó d'fhoireann seirbhíse mhisin taidhleoireachta nó phoist chonsalacha na Rúise, nó a mbaill teaghlaigh, nó ar sealbhóirí cead cónaithe bailí iad, lena n-áirítear cártaí aitheantais taidhleoireachta, nó víosa bhailí arna heisiúint ag Stát eile, agus a bhfuil sé beartaithe acu taisteal chuig críoch aon Bhallstáit nó idirthuras a dhéanamh tríd, bunaithe ar an gcead cónaithe nó an víosa sin, tabharfaidh siad fógra don Bhallstát nó do na Ballstáit lena mbaineann a dturas 24 uair an chloig ar a laghad roimh an dáta a bheartaítear dul isteach ina gcríoch.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le mionaoisigh nó baill teaghlaigh nach cuid iad de theaghlach bhaill an mhisin taidhleoireachta nó an phoist chonsalaigh.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le taisteal chuig críoch an Bhallstáit a d'eisigh an cead cónaithe nó an víosa ná maidir le hidirthuras tríd an gcríoch sin.

4. Áireofar an méid seo a leanas san fhógra i mír 1:

(a) an modh iompair; i gcás feithiclí príobháideacha, lena n-áirítear feithiclí ar le misean taidhleoireachta nó post consalachta nó fostaí dá gcuid sin iad, beidh déanamh, cineál agus cláruimhir na feithicle ar áireamh ann; i gcás iompar poiblí, beidh ainm an iompróra agus cód an bhealaigh nó a choibhéis ann;

(b) an pointe a rachfar isteach sa chríoch;

(c) an dáta a rachfar isteach sa chríoch;

(d) an pointe óna n-imeofar as an gcríoch;

(e) an dáta a imeofar as an gcríoch.

5. Cuirfidh na Ballstáit an Chomhairle ar an eolas faoi aon chásanna ina sáraítear an oibleagáid i mír 1.

6. Beidh feidhm ag an Airteagal seo ón 25 Eanair 2026.

Airteagal 5e

1. Féadfaidh Ballstát toirmeasc nó ceanglas údarúcháin a fhorchur ar thaisteal chuig a chríoch nó ar idirthuras trína chríoch arna ndéanamh ag náisiúnaigh Rúiseacha, ar baill iad de phearsanra taidhleoireachta nó consalachta na Rúise, nó baill den fhoireann riaracháin agus theicniúil nó d'fhoireann seirbhíse mhisin taidhleoireachta nó phoist chonsalacha na Rúise, nó a mbaill teaghlaigh, nó ar sealbhóirí cead cónaithe bailí iad, lena n-áirítear cártaí aitheantais taidhleoireachta, nó víosa bhailí arna heisiúint ag Stát eile, bunaithe ar an gcead cónaithe nó an víosa sin.

2. Bearta arna nglacadh ag na Ballstáit, bunaithe ar mhír 1:

(a) comhlíonfaidh siad na hoibleagáidí atá ar Bhallstát faoin dlí idirnáisiúnta i ndáil lena náisiúnaigh féin;

(b) ní bheidh feidhm acu maidir le mionaoisigh nó baill teaghlaigh nach bhfuil mar chuid de theaghlach bhaill an mhisin taidhleoireachta nó an phoist chonsalaigh;

(c) beidh siad gan dochar do chearta daoine nádúrtha de réir an dlí idirnáisiúnta, agus iad ag dul i mbun oibre nó ag filleadh ar a bpost, nó ag filleadh ar a dtír féin;

(d) beidh siad gan dochar do chásanna ina mbeidh Ballstát faoi cheangal ag oibleagáid faoin dlí idirnáisiúnta, eadhon:

(i) mar thír óstach eagraíochta idir-rialtasaí idirnáisiúnta;

(ii) mar thír óstach comhdhála nó imeachta idirnáisiúnta a bheidh á tionól ag na Náisiúin Aontaithe nó faoina gcoimirce;

(iii) faoi chomhaontú iltaobhach lena dtugtar pribhléidí agus díolúintí; nó

(iv) faoi Chonradh Idir-Réitigh 1929 (Comhaontú na Lataráine) a tugadh i gcrích idir an Suí Naofa (Stát Chathair na Vatacáine) agus an Iodáil;

(v) mar thír óstach na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE); agus,

(e) i gcás daoine nádúrtha ar baill de chór taidhleoireachta na Rúise iad ní bheidh feidhm ag na bearta sin maidir le taisteal chuig críocha Ballstát, agus uathu nó idirthuras a dhéanamh tríothu, , chun bheith rannpháirteach i gcomhdháil idirnáisiúnta a thionólfaidh an tAontas Eorpach, na Náisiúin Aontaithe agus a sainghníomhaireachtaí, Comhairle na hEorpa, an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta nó Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh, nó a eagrófar faoina gcoimirce sin.

3. Maidir le Ballstát a chinneann bearta náisiúnta a ghlacadh de bhun mhír 1, cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas 5 lá ar a laghad roimh theacht i bhfeidhm na mbeart sin.

4. Beidh feidhm ag an Airteagal seo ón 25 Eanáir 2026.'

(18) leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, bunaithe ar mheasúnú sonrach de réir an cháis, a údarú, go dtí an 31 Nollaig 2026, go gcomhlíonfar éileamh arna dhéanamh ag duine de na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí a luaitear i bpointe (b), mír 1, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh na húdaráis inniúla a bheith iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá le sásamh an éilimh le haghaidh an dífheistithe ón Rúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Rúis a fhoirceannadh.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'5. Maidir leis an mBallstát lena mbaineann, cuirfidh sé na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 4 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.';

(19) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8c:

'*Airteagal 8c*

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar bhonn Airteagail 29 agus 30 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, Iarscríbhinní I, II, III, IV, V, VI, VIII, IX, X, XI, XIV, XVI, XVII, XVIII, XIX, XX, XXI, XXII, XXIII, XXIV, XXV agus XXVI a leasú.'

(20) Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BJERRE

IARSCRÍBHINN

(1) In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis an tábla faoin gceannteideal ‘Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí, dá dtagraítear in Airteagail 3(7), 3a(7) agus 3b(1)’:

Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí, dá dtagraítear in Airteagail 3(7), 3a(7) agus 3b(1)

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
‘817.	Splendent Technologies Ar a dtugtar freisin: Spoden Technology Co., Ltd Ainm áitiúil: 斯博登科技有限公司	Seoladh (nó seoltaí): Workshop 60, 3/F, Block A, East Sun Industrial Centre, No. 16 Shing Yip Street, Kowloon, Hong Cong; Sun Ho House, 279 Saiyeung Choi St., North Sham Shui Po Kl, Hong Cong Teileafón: +852 9713 6364 Suíomh gréasáin: www.splendentpte.com Ríomhphost: sale@splendentpte.com Uimhir chlárúcháin: 1773641 (TRN); 60093029 (BRN)	24.10.2025
818.	LLC Microdrive Ar a dtugtar freisin: MikroDraiv Ainm áitiúil: ООО Микродрайв	Seoladh (nó seoltaí): office 26, 35 Lenin Avenue, 617001, Nytva, Nytvenski district, Perm Region, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 342 2111506 Suíomh gréasáin: www.micro-drive.ru Ríomhphost: to@microdrive.planfix.ru Uimhir chlárúcháin: 5916024827	24.10.2025

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
819.	Bridgetech LLC Ainm áitiúil: Бриджтех	Seoladh (nó seoltaí): room 535, building 3, 32 Nizhegorodskaya St., 109029, Moscow, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 495 245 5514 Suíomh gréasáin: https://bridge-tech.ru/ Ríomhphost: info@bridge-tech.ru Uimhir chlárúcháin: 9709102680	24.10.2025
820.	Jove HK Limited	Seoladh (nó seoltaí): Room 606, 6/F, Hollywood Centre, 77-91 Queens Road West, Sheung Wan, Hong Cong; 3/F Won Chung Ming Commercial House, 14-16 Wyndham Street, Central, Hong Cong; 68-70 Wellington Street, 3/F, Hong Cong Uimhir chlárúcháin: 58538021 (BRN); 1618862 (CRN)	24.10.2025
821.	China Purchasing Group (Chbay) Lingtong International Supply Chain Management Company Limited Ar a dtugtar freisin: Qibei Lingtong (Wuhu) Supply Chain Management Co., Ltd. Ainm áitiúil: 企贝领通（芜湖）供应链管理有限公司	Seoladh (nó seoltaí): 178 Hongqi Street, Nangang District, Harbin City, Heilongjang, Daon-Phoblacht na Síne Teileafón: 0451-82292577 Suíomh gréasáin: https://www.chbay.net/ Ríomhphost: guanxin@chbay.net Uimhir chlárúcháin: 91340200MA8QP9X225	24.10.2025

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
822.	LiderTrans Global Forwarding Ar a dtugtar freisin: LT Global Forwarding; Lt-GF Ainm áitiúil: ООО ЛТ ГЛОБАЛ ФОРВАРДИНГ	Seoladh (nó seoltaí): 1059, 50 Chulman, Naberezhnye Chelny, 423831, city of Naberezhnye Chelny, Poblacht na Tatarstáine, Cónaidhm na Rúise; office 108, Naberezhnye Chelny city, 50 Hasana Tufana St., Poblacht na Tatarstáine, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 987 4064667; +7 800 7074733 Suíomh gréasáin: http://www.lt-gf.com/ Ríomhphost: sales@lt-gf.com Uimhir chlárúcháin: 7729703685	24.10.2025
823.	Heilongjiang Karubis Trade Development Co., Ltd Ar a dtugtar freisin: Heilongjiang Kalubus Trade Development Co., Ltd; Heilongjiang Province Kalubusi Trade Development Co., Ltd Ainm áitiúil: 黑龙江省卡鲁布斯贸易发展有限公司	Seoladh (nó seoltaí): Room 509, Building 19, 178 Hongqi Street, Nangang Concentration Zone, Harbin High-tech Industrial Development Zone, Daon-Phoblacht na Síne Uimhir chlárúcháin: 91230109MAC3Q2RY9T	24.10.2025
824.	Yiwu Vortex Import and Export Co., Ltd Ar a dtugtar freisin: Yiwu Wotai Si Import and Export Co., Ltd Ainm áitiúil: 義烏市沃態偲進出口有限公司	Seoladh (nó seoltaí): Unit 1503, Office 62, Level 15, Admiralty Centre Tower 1, 18 Harcourt Road, Admiralty, Hong Cong Suíomh gréasáin: https://yiwu-vortex.com/ Ríomhphost: info@yiwu-vortex.com Uimhir chlárúcháin: 70939081 (BRN)	24.10.2025

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
825.	KR Prom LLC Ainm áitiúil: ООО КР ПРОМ	Seoladh (nó seoltaí): building 5, Entuziastov Highway, 111024, Moscow, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 495 7812208 Suíomh gréasáin: https://krprom.ru/ Ríomhphost: info@krprom.ru; msk@krprom.ru Uimhir chlárúcháin: 7722216040	24.10.2025
826.	OKBM LLC Ar a dtugtar freisin: LLC Experimental Design Bureau of Engine Building; LLC EDB; LLC Experimental Motor Design Bureau Ainm áitiúil: ООО ОКБМ	Seoladh (nó seoltaí): Aidarovskoye rural settlement, Promyshlennaya Street, Zone 2, plot No. 4, Voronezh region, Cónaidhm na Rúise; 22 Voroshilova St., 394055, Voronezh, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 473 2638603 Suíomh gréasáin: www.okbm.ru Ríomhphost: okbm@okbm.ru Uimhir chlárúcháin: 3664204783	24.10.2025

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
827.	Zhejiang Zhenhuan CNC Machine Tool Co., Ltd Ar a dtugtar freisin: Z-Mat Ainm áitiúil: 浙江震环数控机床股份有限公司; 震环机床集团	Seoladh (nó seoltaí): Mechanical and Electrical Zone, Yuhuan, Taizhou Zhejiang 317699, Daon-Phoblacht na Síne Teileafón: +8657687211555; +86 576 87226292 Suíomh gréasáin: cn.zmat.com Ríomhphost: info@zmat.com Uimhir chlárúcháin: 91331000725858856D	24.10.2025
828.	LLC Bitvan Ainm áitiúil: ООО Битван	Seoladh (nó seoltaí): 9/4, Troitskiy Trakt, 454053, Chelyabinsk Mekhanicheskaya St., 115V, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 351 7785260 Suíomh gréasáin: https://www.bitvan.ru/ Ríomhphost: info@bitvan.ru Uimhir chlárúcháin: 7451298738	24.10.2025

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
829.	Conti-Far Logistics Co Ltd Ar a dtugtar freisin: Kangze Yuan International Logistics (Hong Kong) Co., Ltd Ainm áitiúil: 康澤遠國際物流(香港)有限公司	Seoladh (nó seoltaí): room S032, 2/F, The Capital 61-65 Chatham Road South, Tsim Sha Tsui, Kowloon, Hong Cong; room 2102, Block D, Sui Bao Yipin, No. 1058 Shangbu North Road, Futian District, Shenzen, Daon-Phoblacht na Síne Teileafón: +86-755-89379122; +86-755-89379056 Suíomh gréasáin: http://www.contifar.com/ Ríomhphost: info@contifar.com Uimhir chlárúcháin: 64528844	24.10.2025
830.	LLC Mikrosan Ainm áitiúil: ООО Микросан	Seoladh (nó seoltaí): room 433, 54 Krasnyi Avenue, Novosibirsk, 630091, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 800 6002250; +7 383 2170531 Suíomh gréasáin: microsun.ru Ríomhphost: sibmail@microsun.ru; marketing@microsun.ru Uimhir chlárúcháin: 5407216683	24.10.2025

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
831.	LLC TR-Link Ar a dtugtar freisin: TP-Link LCC Ainm áitiúil: ООО ТР-Линк	Seoladh (nó seoltaí): office 501, 27 Street Elektrozavodska, 7, 107023, Moscow, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 495 2285566 Suíomh gréasáin: www.tp-linkru.com Uimhir chlárúcháin: 7718782082	24.10.2025
832.	Radiofid Systems LLC Ainm áitiúil: ООО Радиофид Системы	Seoladh (nó seoltaí): Room 66-N, Building 1 A, 17 shosse Vyborgskoe, St. Petersburg 194355, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 812 3181819 Suíomh gréasáin: www.radiofid.ru Ríomhphost: sales@radiofid.ru Uimhir chlárúcháin: 7802491148	24.10.2025
833.	Alice Components Co. Ltd Ar a dtugtar freisin: Alice Parts Co., Ltd Ainm áitiúil: 愛麗絲零部件有限公司	Seoladh (nó seoltaí): Room A516, 5th Floor, Yee Fat Industrial Building, No. 35 Tai Yau Street, San Po Kong, Kowloon, Hong Cong; Flat/Room A, 20/F Kui Fu Commercial Building, 300 Lockhart Road, Hong Cong; Office 517, 90 Central Tangxia ave., Dongguan, Guangdong, an tSín Teileafón: +86 (769) 8987 0508 Suíomh gréasáin: https://2303.com.cn/ Ríomhphost: sales@2303.com.cn Uimhir chlárúcháin: 65627867 (BRN), 2323950 (CRN)	24.10.2025

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
834.	MicroEM AO Ar a dtugtar freisin: AO Mikroem, JSC Microem Ainm áitiúil: АО “МИКРОЭМ”	Seoladh (nó seoltaí): 124482, g. Moscow, Zelenograd, Savelkinsky avenue, 4, Cónaidhm na Rúise; 191040 Cathair Pheadair, Ligovskii Prospekt 50, building 11, office 39, Cónaidhm na Rúise; 124489, Moscó, Zelenograd, Sosnovaya Alleya 6A, Cónaidhm na Rúise; 630047, Novosibirsk, Novaya 28, office 305, Cónaidhm na Rúise; 620034, Yekaterinburg, Opalikhinskaya street 27A, office 405, Cónaidhm na Rúise; 344045, Rostov-on-Don, Lelyushenko street 13, office 1, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (495) 739 65 39 Suíomh gréasáin: https://microem.ru/ Ríomhphost: microem@microem.ru Uimhir chlárúcháin: 7735082700	24.10.2025
835.	TsNIRTI Ar a dtugtar freisin: Central Research Radio Engineering Institute Named After Academician A I Berg; Central Scientific Research Radio Engineering Institute Berg CNIRTI Ainm áitiúil: Организация АО “ЦНИРТИ ИМ. АКАДЕМИКА А.И. БЕРГА” (АКЦИОНЕРНОЕ ОБЩЕСТВО “ЦЕНТРАЛЬНЫЙ НАУЧНО-ИССЛЕДОВАТЕЛЬСКИЙ РАДИОТЕХНИЧЕСКИЙ ИНСТИТУТ ИМЕНИ АКАДЕМИКА А.И. БЕРГА”)	Seoladh (nó seoltaí): bldg. 9, 20 Novaya Basmannaya St., 107078, Moscow, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (499) 267-43-93, +7 (499) 263-94-01 Suíomh gréasáin: http://cnirti.ru Ríomhphost: post@cnirti.ru Uimhir chlárúcháin: 9701039940	24.10.2025

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
836.	Setuntel LLC Ar a dtugtar freisin: Foxcomm Networks Ainm áitiúil: ООО СЕТУНТЕЛ (ОБЩЕСТВО С ОГРАНИЧЕННОЙ ОТВЕТСТВЕННОСТЬЮ “СЕТУНЬ ТЕЛЕКОМ”)	Seoladh (nó seoltaí): 121069, Moscow, Bagrationovsky avenue 7, room 20, office 747, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7(499) 677-22-95 Suíomh gréasáin: http://www.setuntel.ru Ríomhphost: info@setuntel.ru Uimhir chlárúcháin: 7730246560	24.10.2025
837.	TD Simmetron Elektronnye Komponenty Ar a dtugtar freisin: TD Simmetron EK, Trading House Symmetron Electronic Components Ainm áitiúil: ООО ТД СИММЕТРОН ЭК; ОБЩЕСТВО С ОГРАНИЧЕННОЙ ОТВЕТСТВЕННОСТЬЮ “ТОРГОВЫЙ ДОМ” СИММЕТРОН ЭЛЕКТРОННЫЕ КОМПОНЕНТЫ”	Seoladh (nó seoltaí): 125445, Moscow, Leningradskoye shosse, 69, build. 1, River City Business Park, Cónaidhm na Rúise; 195196, 630073, Novosibirsk, Bluchera ul., 71b, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (495) 961-2020 Suíomh gréasáin: https://symmetrongroup.com/; https://www.symmetron.ru Ríomhphost: moscow@symmetron.ru Uimhir chlárúcháin: 7743581260	24.10.2025
838.	Vector Group LLC Ar a dtugtar freisin: VEKTOR GRUPP Ainm áitiúil: ООО Вектор Групп	Seoladh (nó seoltaí): 123100, Moscow, Presnensky Municipal District, 3 Studenetsky Per. 1/7A, Cónaidhm na Rúise Uimhir chlárúcháin: 7703438390	24.10.2025

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
839.	PRIN JSC Ainm áitiúil: АО ПРИН	Seoladh (nó seoltaí): 123592, Moscow, ext. Ter. Strogino Municipal District, Kulakova street, 20, building 1, Room 8/1, Cónaidhm na Rúise; 125080, Moscow, Volokolamskoye Highway, 4, Building 26, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 495-120-13-59 Suíomh gréasáin: https://www.prin.ru/; https://prinmarket.ru/ Ríomhphost: info@prin.ru Uimhir chlárúcháin: 7712032661	24.10.2025
840.	GNSS Plus LLC Ar a dtugtar freisin: NPK GNSS Plus LTD Ainm áitiúil: ГНСС ПЛЮС	Seoladh (nó seoltaí): 121354, Moscow, Dorogobuzhskaya street 14, building 6, Cónaidhm na Rúise; 123298, Moscow, Shchukino municipal district, Narodnogo Opolcheniya Street, 38, building 1, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (495) 109-75-45 Suíomh gréasáin: www.gnssplus.ru Ríomhphost: info@gnssplus.ru Uimhir chlárúcháin: 7734571794	24.10.2025

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
841.	KMT LLC Ainm áitiúil: ООО КМТ (ОБЩЕСТВО С ОГРАНИЧЕННОЙ ОТВЕТСТВЕННОСТЬЮ “КМТ”)	Seoladh: 107023, Moscow, Sokolinaya Gora municipal district, Bolshaya Semyonovskaya Street. 40, building 13, room 203, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (495) 137-55-56 Suíomh gréasáin: https://kmt-stanki.ru/ Ríomhphost: info@kmt-stanki.ru Uimhir chlárúcháin: 9719010156	24.10.2025
842.	LLC Mashimport Ainm áitiúil: ООО МАШИМПОРТ	Seoladh: room 403, Building. 13, 40 Bolshaya Semnovskaya street, 107023, Moscow, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +74956633393 Suíomh gréasáin: https://mash-import.com/ Ríomhphost: info@mash-import.com Uimhir chlárúcháin: 7719717008	24.10.2025

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
843.	Aerotrust Aviation Private Limited	Seoladh (nó seoltaí): Shop No 104, Ground Floor, Amberhai Village, Sector - 19, Dwarka, Deilí Nua, 110075 Delhi, an India; Unit No. 301, Third Floor, Plot No.8, Krishna Tower, Section 12, N.S.I.T. Dwarka, South West Delhi, 110078 Delhi, an India Teileafón: +91 8076026602 Suíomh gréasáin: https://www.aerotrustaviation.com/ Ríomhphost: sales@aerotrustaviation.com Uimhir chlárúcháin: U74999DL2021PTC388965 (CIN)	24.10.2025
844.	Ascend Aviation India Private Limited	Seoladh (nó seoltaí): No. 334, Ground Floor, near Gurudwara, Village Shahbad Mohdpur, 11061 Delhi, an India; Khasra No.606, Dalal Complex, Rangpuri, Mahipalpur, New Delhi, 110037, an India Teileafón: + 91-011-64706564; + 91- 9212336803 Suíomh gréasáin: www.ascendaviationindia.com Rphost: sales@ascendaviationindia.com Uimhir chlárúcháin: U74999DL2017PTC315173 (CIN)	24.10.2025

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
845.	Shree Enterprises	Seoladh (nó seoltaí): House NO 6B, Kh. No. 334, 4th Floor, Shahabad Mohammadpur Village, Deilí Nua, South West Delhi, Delhi, 110061, an India Teileafón: +91-7011993953 Suíomh gréasáin: https://www.shreeenterprises.io/index.php Ríomhphost: sales@shreeenterprises.io Uimhir chlárúcháin: EACPA3965E (IEC); EACPA3965E (PAN)	24.10.2025
846.	EuroIndustry LLC Ar a dtugtar freisin: Euroindustria LLC Ainm áitiúil: ООО “ЕвроИндустрия”	Seoladh (nó seoltaí): Office 16P, Lit. B, House 25 N, Mokhovaya Street 31, 191028, St. Petersburg, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 8122707515 Ríomhphost: info@ei.spb.ru Suíomh gréasáin: https://ei.spb.ru Uimhir chlárúcháin: 7839133117 (INN)	24.10.2025
847.	Hong Kong Park On Electronics Technology Ainm áitiúil: 香港德容电子科技有限公司	Seoladh (nó seoltaí): Workshop 57, 3rd Floor, Block A, East Sun Industrial Centre, No.16 Shing Yi Street, Kowloon, Hong Cong Uimhir chlárúcháin: 53594054 (BRN); 1550569 (CRN)	24.10.2025

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
848.	TECGR CO. ltd Ainm áitiúil: บริษัท ทีอีซีจีอาร์ จำกัด	Seoladh (nó seoltaí): 305 Rama2, Soi 38 Bangmod, Jomthong, 10150, Bangkok, an Téalainn Suíomh gréasáin: www.tecgr.net Ríomhphost: tecgrcoltd@gmail.com Uimhir chlárúcháin: 0105565079224	24.10.2025
849.	JSC Krasnoarmeysk Scientific Research Institute of Mechanization Ar a dtugtar freisin: JSC KNIIM Ainm áitiúil: АО КНИИМ	Seoladh (nó seoltaí): 8 Ispytateley Avenue, Krasnoarmeysk, 141292, Moscow, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (496) 523-57-66; +7 (496) 523-53-71 Ríomhphost: info@kniim.ru Suíomh gréasáin: www.kniim.ru Uimhir chlárúcháin: 5038087144	24.10.2025

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2032/oj

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
850.	Transit LLC Ainm áitiúil: ООО Транзит	Seoladh: 36 Nekrasovskaya, Lit. B, 690014, Vladivostok, Cónaidhm na Rúise; 40 Krygina Str., Primorsky Krai, 690065, Vladivostok, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 423 279 5739 Ríomhphost: info@transitllc.ru Suíomh gréasáin: www.transitllc.ru Uimhir chlárúcháin: 2540132492 (INN)	24.10.2025
851.	Soguzo Co. Ltd Ainm áitiúil: บริษัท โซกุโซ่ จำกัด	Seoladh (nó seoltaí): No 305 Ramą 2 Alley, 38 Alley, Bang Mot Sub-district, Chom Thong District, 10150 Bangkok, an Téalainn Suíomh gréasáin: soguzo.com Ríomhphost: info@soguzo.com Uimhir chlárúcháin: 0105565109824	24.10.2025

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
852.	Suzhou Ecod Precision Manufacturing Co., Ltd Ar a dtugtar freisin: Suzhou Yikeda Intelligent Technology Co., Ltd; Suzhou Yida Intelligent Technology Ainm áitiúil: 苏州亿可达智能科技有限公司	Seoladh (nó seoltaí): Room 455, Building 2, No. 199-1, East Huayuan Road, Mudu Town, Wuzhong District, Suzhou, Jiangsu, Daon-Phoblacht na Síne; Room 8219, Building 3, No. 151 Huashan Road, High-tech Zone, Suzhou, Jiangsu, Daon-Phoblacht na Síne Teileafón: +86 13776010404 Suíomh gréasáin: https://www.ecod-cncmachining.com/; http://ecod-cncmachining.com/ Ríomhphost: dolphin@ecodcn.com Uimhir chlárúcháin: 91320506MA27AR11XL	24.10.2025
853.	LLC Morgan Ainm áitiúil: ООО Морган	Seoladh (nó seoltaí): Room 42, ter. Oez Alabuga, 4A Str. Sh-2, m. district Yelabuzhsky, Yelabuga, 423601, Poblacht na Tatarstáine, Cónaidhm na Rúise Uimhir chlárúcháin: 1674009033	24.10.2025
854.	Shandong Xinyilu International Trade Co Ar a dtugtar freisin: Shandong Xinyi Road International Trade Co., Ltd Ainm áitiúil: 山东新壹路国际贸易有限责任公司	Seoladh (nó seoltaí): Room 506, Building 6, Xinyuanxin Center, No. 3 Huaxin Road, 250100, Jinan, Daon-Phoblacht na Síne Uimhir chlárúcháin: 91370112MA3RNKQ371	24.10.2025

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
855.	Sollers Alabuga LLC Ainm áitiúil: ООО Соллерс Алабуга	Seoladh (nó seoltaí): Office 319, Building 1/6, Sh-2 Street (Alabuga Special Economic Zone territory), Yelabuga City, Yelabuga Municipal District, Poblacht na Tatarstáine, 423601, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 855 5776800; +7 843 2051720 Suíomh gréasáin: www.sollers-auto.com Uimhir chlárúcháin: 1674002165	24.10.2025
856.	Sollers Cargo LLC Ainm áitiúil: ООО Соллерс Карго	Seoladh (nó seoltaí): Room 15, Building 9e, Moskovskoye Highway, Ulyanovsk, Ulyanovsk Region, 432045, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +8 800 600 83 22 Suíomh gréasáin: https://sollers-cargo.ru/ Uimhir chlárúcháin: 7300012779	24.10.2025

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
857.	PJSC Sollers Ar a dtugtar freisin: Publichnoe Aktsionernoe Obschestvo Sollers Ainm áitiúil: ПАО Соллерс	Seoladh (nó seoltaí): 10 Testovskaya Street, Northern Tower, Moscow International Business Centre, 123317 Moscow, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 495 787 31 75; +7 495 228 3045 Suíomh gréasáin: www.sollers-auto.com Ríomhphost: info@sollers-auto.com Uimhir chlárúcháin: 3528079131	24.10.2025
858.	LLC Trading House Vector Ainm áitiúil: ОБЩЕСТВО С ОГРАНИЧЕННОЙ ОТВЕТСТВЕННОСТЬЮ ”ТОРГОВЫЙ ДОМ “ВЕКТОР”	Seoladh (nó seoltaí): apt. 10, 2A Rossiyskaya street, 664025, Irkutsk, Cónaidhm na Rúise Uimhir chlárúcháin: 3808184570	24.10.2025
859.	Sequoia JSC Ainm áitiúil: АКЦИОНЕРНОЕ ОБЩЕСТВО “СЕКВОЙЯ”	Seoladh (nó seoltaí): Room 1101, floor 3, workplace 5, Building 1, 42 Boulevard Bolshoy, Municipal District Mozhaisky, 121205, Moscow, Cónaidhm na Rúise Uimhir chlárúcháin: 9703014733	24.10.2025

Uimhir	Ainm	Faisnéis aitheantais	Dáta an liostaithe
860.	Yiwu City Duniang Trading Co. Ar a dtugtar freisin: Yiwu Du Niang Trading Company Ainm áitiúil: 义乌市渡娘贸易商行	Seoladh (nó seoltaí): Office 401, Building 76, Zone One Zongtang, Dongzheng Street, Yiwu Town, Zhejiang Province, Daon-Phoblacht na Síne;; Room 301, Unit 1, Building 38, Jiang Dong Xin Cun, Yiwu, Daon-Phoblacht na Síne Teileafón: +86 579 85365092 Suíomh gréasáin: www.yiwu-international.com Ríomhphost: 1449696080@qq.com Uimhir chlárúcháin: 92330782MA2MLCCF7E	24.10.2025
861.	Unikom LLC Ainm áitiúil: ООО Уником	Seoladh (nó seoltaí): Office 516, Room 21N, Lett. A, 9 Lipovaya Alley, 197183, St. Petersburg, Cónaidhm na Rúise Uimhir chlárúcháin: 7814813801	24.10.2025’

(2) in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

'Liosta na dtíortha comhpháirtíochta dá dtagraítear in Airteagail 1k(10), 1f(2), 3(9), 3a(4), 4j(3), 4m(4), 4pa(1), 5b(1) agus 5bb';

(3) in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, cuirtear na heintitis seo a leanas leis an tábla faoin gceannteideal 'LIOSTA NA nDAOINE DLÍTHEANACHA, NA nEINTITEAS NÓ NA gCOMHLACHTAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1e':

Ainm an duine dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta	Dáta cur i bhfeidhm
'NPO "Istina" (JSC)	an 12 Samhain 2025
LLC "Zemsky Bank"	an 12 Samhain 2025
Commercial Bank Absolut Bank (PAO)	an 12 Samhain 2025
PJSC "MTS Bank"	an 12 Samhain 2025
JSC "ALFA-BANK"	an 12 Samhain 2025';

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn X a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES:

'IARSCRÍBHINN X

Liosta na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 1aa

Cuid A

OPK OBORONPROM

UNITED AIRCRAFT CORPORATION

URALVAGONZAVOD

ROSNEFT

TRANSNEFT

GAZPROM NEFT

ALMAZ-ANTEY

KAMAZ

ROSTEC (RUSSIAN TECHNOLOGIES STATE CORPORATION)

JSC PO SEVMASH

SOVCOMFLOT

UNITED SHIPBUILDING CORPORATION

Cuid B

RUSSIAN MARITIME REGISTER of SHIPPING (RMRS)

Cuid C

RUSSIAN REGIONAL DEVELOPMENT BANK';

(5) leasaítear Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES mar a leanas:

(a) scriostar iontrálacha 14, 15, 260 agus 329;

(b) cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

	Ainm an tsoithigh	Uimhir IMO	Foras lena áireamh	Dáta cur i bhfeidhm
‘448.	MILLEROVO	9035541	Airteagal 4x2, pointe (b): a iompraíonn táirgí amhola nó peitriliam mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV nó mianracha ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairítear ón Rúis agus a chleachtann cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta.	24.10.2025
449.	GELOR (ARTARA roimhe seo)	9185528	Airteagal 4x2, pointe (b): a iompraíonn táirgí amhola nó peitriliam mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV nó mianracha ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairítear ón Rúis agus a chleachtann cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta.	24.10.2025
450.	CAROLINE BEZENGI	9224439	Airteagal 4x2, pointe (b): a iompraíonn táirgí amhola nó peitriliam mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV nó mianracha ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairítear ón Rúis agus a chleachtann cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta.	24.10.2025
451.	FIRN	9224441	Airteagal 4x2, pointe (b): a iompraíonn táirgí amhola nó peitriliam mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV nó mianracha ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairítear ón Rúis agus a chleachtann cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta.	24.10.2025
452.	PRIMORYE	9236743	Airteagal 4x2, pointe (b): a iompraíonn táirgí amhola nó peitriliam mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV nó mianracha ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairítear ón Rúis agus a chleachtann cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta.	24.10.2025

	Ainm an tsoithigh	Uimhir IMO	Foras lena áireamh	Dáta cur i bhfeidhm
453.	LONGEVITY 7	9240885	Airteagal 4x2, pointe (b): a iompraíonn táirgí amhola nó peitriliam mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV nó mianracha ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairítear ón Rúis agus a chleachtann cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta.	24.10.2025
454.	ADONIA	9242223	Airteagal 4x2, pointe (b): a iompraíonn táirgí amhola nó peitriliam mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV nó mianracha ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairítear ón Rúis agus a chleachtann cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta.	24.10.2025
455.	NEVSKIY PROSPECT	9256054	Airteagal 4x2, pointe (b): a iompraíonn táirgí amhola nó peitriliam mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV nó mianracha ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairítear ón Rúis agus a chleachtann cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta.	24.10.2025
456.	LITEYNY PROSPECT	9256078	Airteagal 4x2, pointe (b): a iompraíonn táirgí amhola nó peitriliam mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV nó mianracha ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairítear ón Rúis agus a chleachtann cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta.	24.10.2025
457.	ARMADA LEADER	9260483	Airteagal 4x2, pointe (b): a iompraíonn táirgí amhola nó peitriliam mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV nó mianracha ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairítear ón Rúis agus a chleachtann cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta.	24.10.2025

	Ainm an tsoithigh	Uimhir IMO	Foras lena áireamh	Dáta cur i bhfeidhm
458.	C VIKING	9261657	Airteagal 4x2, pointe (b): a iompraíonn táirgí amhola nó peitriliam mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV nó mianracha ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairítear ón Rúis agus a chleachtann cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta.	24.10.2025
459.	SEA MAVERICK	9265885	Airteagal 4x2, pointe (b): a iompraíonn táirgí amhola nó peitriliam mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV nó mianracha ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairítear ón Rúis agus a chleachtann cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta.	24.10.2025
460.	BELA	9270749	Airteagal 4x2, pointe (b): a iompraíonn táirgí amhola nó peitriliam mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV nó mianracha ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairítear ón Rúis agus a chleachtann cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta.	24.10.2025
